2024/2683

15.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2683 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 8 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh BCE/2013/1 lena leagtar síos an creat le haghaidh bonneagar eochrach poiblí don Chóras Eorpach Banc Ceannais *(BCE/2024/26)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 127 agus Airteagal 132(1) de,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12.1 i gcomhar le hAirteagail 3.1 agus 12.3, agus Airteagal 34 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh BCE/2013/1 ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]) bunaíodh an creat le haghaidh bhonneagar eochrach poiblí an Eurochórais (dá ngairtear 'CEBC-PKI' (public key infrastructure) anseo feasta) chun rialáil a dhéanamh ar eisiúint agus ar bhainistiú na ndeimhnithe leictreonacha is gá chun rochtain a fháil ar fheidhmchláir, córais, ardáin agus seirbhísí leictreonacha CEBC agus an Eurochórais a bhfuil meánchriticiúlacht nó criticiúlacht os cionn meánchriticiúlacht acu agus chun iad a úsáid.

(2) Tá deireadh a shaolré bainte amach ag an teicneolaíocht a úsáideann CEBC-PKI agus cuireadh teicneolaíocht eile ina hionad. Is gá, dá bhrí sin, údarás deimhniúcháin nua CEBC-PKI ar líne a thabhairt isteach (dá ngairtear 'údarás deimhniúcháin CEBC-PKI ar líne V1.2' anseo feasta), ar cheart dó a chur san áireamh freisin nach féidir le bailíocht trí bliana na ndeimhnithe arna n-eisiúint d'úsáideoirí CEBC agus neamh-CEBC agus do chomhpháirteanna teicniúla faoi údarás deimhniúcháin CEBC-PKI ar líne dul in éag níos déanaí ná dul in éag dheimhniú an údaráis deimhniúcháin CEBC-PKI ar líne sin é féin. Rachaidh deimhniú an údaráis deimhniúcháin CEBC-PKI ar líne atá ann cheana in éag an 22 Iúil 2026, agus ina dhiaidh sin bheadh an t-údarás deimhniúcháin CEBC-PKI V1.2 ar líne ar an aon údarás deimhniúcháin CEBC-PKI ar líne, go dtí go rachaidh a dheimhniú in éag.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh BCE/2013/4 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh BCE/2013/1.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcuigiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([1]) Cinneadh BCE/2013/1 ó Bhanc Ceannais na hEorpa an 11 Eanáir 2013 lena leagtar síos an creat le haghaidh bonneagar eochrach phoiblí do Chóras Eorpach Banc Ceannais (IO L 74, 16.3.2013, lch. 30).

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Faisnéis a bhaineann le húdarás deimhniúcháin CEBC-PKI, lena n-áirítear a chéannacht, agus a chomhpháirteanna teicniúla

Aithnítear údarás deimhniúcháin CEBC-PKI ina dheimhniú mar an t-eisitheoir agus úsáidtear a eochair phríobháideach chun deimhnithe a shíniú. Tá an t-údarás deimhniúcháin CEBC-PKI i gceannas ar na nithe seo a leanas:

(i) deimhnithe eochrach príobháideacha agus poiblí a eisiúint;

(ii) liostaí cúlghairme a eisiúint;

(iii) eochairphéirí a ghiniúint a bhaineann le deimhnithe sonracha, e.g. iad siúd a dteastaíonn aisghabháil eochrach uathu;

(iv) freagracht fhoriomlán a choinneáil as CEBC-PKI agus a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais uile is gá chun é a oibriú.

Cuimsíonn údarás deimhniúcháin CEBC-PKI gach duine aonair, beartas, nós imeachta agus córas ríomhaireachta a bhfuil sé de chúram orthu deimhnithe leictreonacha a eisiúint agus iad a shannadh do shíntiúsóirí an deimhnithe.

Tá trí chomhpháirt theicniúla san údarás deimhniúcháin CEBC-PKI:

1. **Údarás deimhniúcháin Fréimhe CEBC-PKI:** Ní eisíonn an t-údarás deimhniúcháin sin, ar an gcéad leibhéal, ach deimhnithe dó féin agus dá fho-údaráis deimhniúcháin. Níl sé i bhfeidhm ach amháin nuair a chomhlíonann sé a chuid freagrachtaí féin atá sainithe go cúng. Is iad seo a leanas na sonraí is suntasaí:

Ainm idirdhealaithe	CN = CEBC-PKI FRÉIMHE CA, O = CÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS, C = AE
Sraithuimhir	4431 9C5F 91E8 162F 4E00 73F6 6AB8 71D8
Ainm suaithinseach an eisitheora	CN = CEBC-PKI FRÉIMHE CA, O = CÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS, C = AE
Tréimhse bhailíochta	Ó 21-06-2011 12:35:34 go 21-06-2041 12:35:34
Achoimre teachtaireachta (SHA-1)	3663 2FBA FB19 BDBC A202 3994 1926 ED48 4D72 DD4B
Achoimre teachtaireachta (SHA-256)	7963 2A97 1D12 A889 9724 BB35 C37B 51D2 3E21 4DF9 20C3 2450 093E 0EA7 49FB AAEB
Algartaim chripteagrafacha	SHA-256/RSA 4096

2. **Údarás deimhniúcháin ar Líne CEBC-PKI:** Tá an t-údarás deimhniúcháin sin, ar an dara leibhéal, faoi réir údarás deimhniúcháin Fréamh CEBC-PKI. Tá sé freagrach as deimhnithe CEBC-PKI a eisiúint d'úsáideoirí. Rachaidh sé in éag an 22 Iúil 2026. Is iad seo a leanas na sonraí is suntasaí:

Ainm idirdhealaithe	CN = CEBC-PKI AR LÍNE CA, O = CÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS, C = AE
Sraithuimhir	660C 9B12 9A0A 6C21 5509 38DD 54A0 ED2D
Ainm suaithinseach an eisitheora	CN = CEBC-PKI FRÉIMHE CA, O = CÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS, C = AE
Tréimhse bhailíochta	Ó 22-07-2011 12:46:35 go 22-07-2026 12:46:35
Achoimre teachtaireachta (SHA-1)	E976 D216 4A5F 62DA C058 6BE0 EC10 EF24 36B8 12AC
Achoimre Teachtaireachta (SHA-256)	1335 26DC 99E9 CC36 62F8 F5FA 2006 3005 BA90 E663 2BF3 4F18 A84B A39B 5FAA 5700
Algartaim chripteagrafacha	SHA-256/RSA 4096

3. **Údarás deimhniúcháin ar Líne CEBC-PKI V1.2:** Tá an t-údarás deimhniúcháin sin, ar an dara leibhéal, faoi réir údarás deimhniúcháin Fréamh CEBC-PKI. Tá sé freagrach as deimhnithe CEBC-PKI a eisiúint d'úsáideoirí. Tar éis an 22 Iúil 2026 is é an t-aon údarás deimhniúcháin CEBC-PKI ar líne é, go dtí go rachaidh sé in éag. Is iad seo a leanas na sonraí is suntasaí:

Ainm idirdhealaithe	CN = CEBC-PKI AR LÍNE CA V1.2, O = CÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS, C = AE
Sraithuimhir	1121 4958 04E1 E706 695D D1D1 2997 FAEF 6653
Ainm suaithinseach an eisitheora	CN = CEBC-PKI FRÉIMHE CA, O = CÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS, C = AE
Tréimhse bhailíochta	Ó 08-06-2023 17:07:00 go 08-06-2038 17:07:00
Achoimre teachtaireachta (SHA-1)	DC92 042E 6316 CB60 F8F6 109B 8C43 F3C6 AF2F B2F3
Achoimre Teachtaireachta (SHA-256)	96B7 8E9C F914 ED4D 072D 93C8 C531 DEEF D102 7571 7218 A202 0924 3216 99D8 1C48
Algartaim chripteagrafacha	SHA-256/RSA 4096'